

# Plean Teanga Mhúscraí

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bplean teanga atá ag Gaeltacht Mhúscraí. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?



1. maoiniú \_\_\_\_\_
2. cuir i bhfeidhm \_\_\_\_\_
3. ní hamhlaidh \_\_\_\_\_
4. sprioc \_\_\_\_\_
5. chuige sin \_\_\_\_\_
6. beartas \_\_\_\_\_
7. tráth na gceist \_\_\_\_\_
8. deiseanna \_\_\_\_\_
9. a éascú agus a thapú \_\_\_\_\_
10. éireoidh linn \_\_\_\_\_
11. an t-ádh dearg \_\_\_\_\_
12. foinsí \_\_\_\_\_

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

## Ceist 2

Bí ag caint leis an duine in aice leat. Glacai gí sealanna na focail thuas a chur in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh síos, is leor iad a rá amach os ard.

## Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad é sprioc an phlean teanga i nGaeltacht Mhúscraí?
2. Cén fáth ar luath na figiúirí 1,600 agus 77?
3. Cad iad na moltaí a bhí ag na daltaí scoile?
4. Cad a bhí le rá ag Breandán Ó Lionáird?
5. Cén fáth a ndúirt Rósaí Nic Chárthaigh go raibh an t-ádh dearg orthusan?

**Ceist 4**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cumaigí ceisteanna a bheadh oiriúnach do na ráitis thíos.

- Tá ceantar Chois Fharráige míshásta leis an maoiniú atá ar fáil don phlean teanga.
- Seoladh an phlean teanga i mBaile Mhic Íre inniu.
- Ba mhaith le buachaill amháin tráth na gceist a chur ar siúl.
- Is é ceann de phríomhspricanna an phlean ná deiseanna labhartha a chur ar fáil don phobal.
- Bhí an t-ádh dearg orthu mar bhí €100,000 ar fáil dóibh in aghaidh na bliana.
- Is féidir an phlean a léamh sa leabharlann.

**Ceist 5**

‘...do thuismitheoirí...’

A. Cuir na réamhfhocail shimplí seo a leanas sna boscaí cuí thíos.

**as, de, do, roimh, ag, i, faoi, le, ó, thar, go**

<b>Ainmfhocail dar tús consan</b>		
<b><u>Séimhiú</u></b> (Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth.)	<b><u>Gan séimhiú</u></b> (Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo.)	<b><u>Urú</u></b> (Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é.)

B. Bain amach na lúibíní agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal sna bearnaí.

1. Bhain Ultan an mála de (Seán) \_\_\_\_\_ agus thug sé do (Póilín) \_\_\_\_\_ é.
2. Beidh an aiste déanta agam roimh (deireadh) \_\_\_\_\_ na seachtaine.
3. Nach bhfuil an leabhar ag (Cathal) \_\_\_\_\_?
4. Tá Uachtarán na Fraince ina chónaí i (Páras) \_\_\_\_\_.
5. Ní fiú duit a bheith ag labhairt le (Brian) \_\_\_\_\_.
6. An bhfuil Ciarán faoi (brú) \_\_\_\_\_?
7. Feicfidh tú go bhfuil airgead i (tarraiceán) \_\_\_\_\_ sa chistin.
8. Is as (Doire) \_\_\_\_\_ ó (dúchas) \_\_\_\_\_ é.
9. Chuaigh mé thar (Pól) \_\_\_\_\_ ar an tsráid ach ní fhaca sé mé.
10. Ba mhaith liom dul go (Meiriceá) \_\_\_\_\_ lá breá éigin.

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil plean teanga ag teastáil ó na Gaeltachtaí, dar leat?
2. Cé chomh minic is a labhraíonn tú féin Gaeilge?
3. Conas is féidir an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn sa cheantar a bhfuil tú féin i do chónaí ann?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

- |                         |                                   |
|-------------------------|-----------------------------------|
| 1. maoiniú              | <i>funding</i>                    |
| 2. cuir i bhfeidhm      | <i>implement</i>                  |
| 3. ní hamhlaidh         | <i>it's different</i>             |
| 4. sprioc               | <i>aim, mark</i>                  |
| 5. chuige sin           | <i>to that end</i>                |
| 6. beartas              | <i>policy</i>                     |
| 7. tráth na gceist      | <i>quiz</i>                       |
| 8. deiseanna            | <i>opportunities</i>              |
| 9. a éascú agus a thapú | <i>to facilitate and to seize</i> |
| 10. éireoidh linn       | <i>we will succeed</i>            |
| 11. an t-ádh dearg      | <i>real luck</i>                  |
| 12. foinsí              | <i>sources</i>                    |

### Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt na focail a chleachtadh le chéile.

### Ceist 3

Féach an script.

Bí cinnte go gcuirfidh na foghlaimeoirí freagraí ar fáil do cheist 3 a bhfuil an Ghaeilge cruinn iontu, mar shampla:

#### Cainteoir 1

Cluichí ar nós na gCluichí Oilimpeacha a eagrú idir na scoileanna Gaeltachta, a spreagfadh daoine chun an Ghaeilge a labhairt sa spórt.

#### Cainteoir 2

Áit a chur ar fáil a mbeadh daoine in ann bualadh isteach agus an Ghaeilge a labhairt. Bheadh cosc ar theangacha eile san áit.

#### Cainteoir 3

Tráth na gceist nó Club Gaeilge a chur ar bun.

#### Cainteoir 4

Cabhraíonn sé go mór má labhraíonn tú Gaeilge sa bhaile, le do thuismitheoirí agus le do dheartháireacha agus le do dheirfiúracha.

#### Cainteoir 5

Crèche a bhunú i gcomhair páistí óga sa dóigh is go bhféadfaidís an Ghaeilge a chloisteáil go rialta agus í a labhairt chomh maith.

### Ceist 4

1. **Cén fáth a bhfuil** an ceantar sin míshásta?
2. **Cén áit ar seoladh** an plean agus **cathain a seoladh** é?
3. **Cad ba mhaith** le buachaill amháin a chur ar siúl?
4. **Cad é** ceann de phríomhspríocanna an phlean?
5. **Cén fáth a raibh** an t-ádh orthu?
6. **Cén áit ar féidir** an plean a léamh?

### Ceist 5

Ainmfhocail dar tús consan		
<b><u>Séimhiú</u></b> (Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth.)  <i>de, do, roimh, faoi, ó, thar</i>	<b><u>Gan séimhiú</u></b> (Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo.)  <i>ag, as, go, le</i>	<b><u>Urú</u></b> (Cuireann an réamhfhocail simplí seo urú ar an ainmfhocail a leanann é.)  <i>i</i>

1. Bhain Ultan an mála de **Sheán** agus thug sé do **Phóilín** é.
2. Beidh an aiste déanta agam roimh **dheireadh** na seachtaine.
3. Nach bhfuil an leabhar ag **Cathal**?
4. Tá Uachtarán na Fraince ina chónaí i **bPáras**.
5. Ní fiú duit a bheith ag labhairt le **Brian**.
6. An bhfuil Ciarán faoi **bhrú**?
7. Feicfidh tú go bhfuil airgead i **dtarraiceán** sa chistin.
8. Is as **Doire** ó **dhúchas** é.
9. Chuaigh mé thar **Phól** ar an tsráid ach ní fhaca sé mé.
10. Ba mhaith liom dul go **Meiriceá** lá breá éigin.

#### **Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Áine Lally

Anois, bogfaimid ar aghaidh. Cé go bhfuil ceantar Chois Fharraige míshásta leis an maoiniú atá ar fáil chun an plean teanga a chur i bhfeidhm, ní hamhlaidh an scéal i Múscraí. Seoladh plean teanga Mhúscraí inniu agus tá sé i gceist acu brú ar aghaidh leis an obair chomh luath agus is féidir.

### Grett O'Connor

I mBaile Mhic Íre inniu bhí saighdiúirí óga na teanga i láthair do sheoladh an phlean ar a rabhadar<sup>1</sup> féin agus go leor grúpaí eile sa phobal ag obair le bliain anuas. Labhraíonn níos lú ná an tríú cuid de Ghaeilgeoirí Mhúscraí an teanga go laethúil. Tá sprioc leagtha amach sa phlean chun an céatadán sin a ardú go dtí 30% faoin mbliain 2025. Chuige sin, rinne an pobal níos mó ná 1,600 moladh<sup>2</sup>, atá curtha le chéile anois i 77 mbeartas aitheanta<sup>3</sup>.

‘Dúras<sup>4</sup>, b’fhéidir Cluichí Oilimpeacha idir scoileanna Gaeltachta a bheith ann, chun spreagadh caint Gaolainne sa spórt.’

‘B’fhéidir, áit chun bualadh isteach tar éis am scoile agus níl céad ach Gaeilge a labhairt.’

‘Ba mhaith liomsa a chur... b’fhéidir... tráth na gceist i nGaeilge, nó Club Gaeilge...’

‘Cabhraíonn sé go mór má labhraíonn tú Gaeilge sa bhaile, le do thuismitheoirí agus le do dheartháireacha agus le do dheirfiúracha.’

‘B’fhéidir crèche i gcomhair na bpáistí óga so is féidir leo Gaeilge a chloisint<sup>5</sup> an t-am go léir agus is féidir leo í a labhairt chomh maith.’

### Breandán Ó Lionáird, Meitheal Pleanála Teanga Mhúscraí

Is dócha gurb é ceann de na spriocanna, na príomhspriocanna den phlean, ná deiseanna labhartha a thabhairt do dhaoine, deiseanna a thabhairt do dhaoine chun cumarsáid, agus chun bualadh le chéile agus chun Gaolainn a úsáid. Más féidir linn é sin a éascú agus a thapú, agus seans a thabhairt do dhaoine bualadh le chéile, caidreamh trí Ghaolainn, éireoidh linn.

### Grett O'Connor

Cad deir muintir Mhúscraí le gearáin ó cheantair Ghaeltachta eile faoin maoiniú atá le fáil ón Roinn?

### Rósáí Nic Chárthaigh, Comhordaitheoir Pleanála Teanga

Bhí an t-ádh dearg linne, mar nuair a thosnaíos<sup>6</sup> ag obair ar an bplean, dúradh linn go mbeadh thart ar €100,000 in aghaidh na bliana ar fáil dúinn. Agus gan amhras ansin, nuair a bhí na bearta á gcur<sup>7</sup> le chéile againn, bhí a fhios againn go raibh an t-uasmhéid<sup>8</sup> sin ar fáil ón Roinn. Ach cinnte, tá níos mó á lorg againn ach tá foinsí eile aitheanta againn chun teacht ar an airgead<sup>9</sup> sin.

### Grett O'Connor

Is féidir an plean a léamh anseo sa leabharlann i mBaile Mhic Íre.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Gaeltacht Mhúscraí.

<sup>1</sup> raibh siad an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> moltaí a deirtear

<sup>3</sup> seacht mbeartas aitheanta is seachtó (an córas seanbhunaithe) nó seachtó a seacht beartas aitheanta (an córas simplithe) na leaganacha caighdeánacha

<sup>4</sup> dúirt an leagan caighdeánach

<sup>5</sup> a chloisteáil an leagan caighdeánach

<sup>6</sup> thosaigh mé an leagan caighdeánach

<sup>7</sup> á chur a deirtear

<sup>8</sup> an uasmhéid a deirtear

<sup>9</sup> ar an t-airgead a deirtear